



**Ursula von der Leyen**

*Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh*

---

**Litir mhisin**

An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2020

**Mairead McGuinness**

## **Coimisinéir ainmnithe um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil**

A Mhairead, a chara,

Anuraidh thug muintir na hEorpa, an líon ab airde riamh acu, a mbreith sna toghcháin Eorpacha. Is é an bunchuspóir a chuir siad romhainn seasamh cinntitheach uailmhianach a ghlacadh i dtaobh mórcheisteanna ár linne, mórcheisteanna atá ag dul i bhfeidhm ar thodhchaí na sochaí, an gheilleagair agus an phláinéid seo againne.

Bhain an coróinvíreas stangadh mór as an Eoraip, chuir sé féachaint ar na córais sláinte agus ar na córais leasa, ar an tsochaí agus an geilleagar agus ar an mbealach a mairimid agus a n-oibrímid le chéile. Tá difear an-mhór á dhéanamh cheana féin do shaol mhuintir na hEorpa ag an athrú aeráide, na teicneolaíochtaí digiteacha agus an gheopholaitíocht. Is léir go bhfuil athruithe móra á ndéanamh ar gach aon leibhéal idir struchtúir chumhachta dhomhanda agus an pholaitíocht áitiúil. Cé nach ionann cineál do na claochluithe sin go léir, ní mór dúinn freagairt go huailmhianach dúthrachtach i ngach cás. Is le bearta an lae inniu a chinnfear an cineál saoil a bheidh ag ár bpáistí agus a shaineofar an stádas domhanda a bheidh ag an Eoraip.

Is é an cúram atá orainn sa Choimisiún Eorpach a bheith ar thús cadhnaíochta, na deiseanna a chuireann na hathruithe sin romhainn a thapú agus dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann leo, agus sinn ag obair i ndlúthchomhar le daoine ar fud na hEorpa agus leis na rialtais, na parlaimintí agus na hinstiúidí a fhónann dóibh. Seo uain na hEorpa.

Is é sin an treoirphrionsabal atá ina bhunús leis na Treoirlínte Polaitiúla atá agam do Choimisiún Eorpach 2019-2024, treoirlínte a chuir mé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa an 16 Iúil 2019. Leag mé amach iontu sé chinn de mhianta ar mian liom go ndíreoidh an Coimisiún Eorpach orthu ina chuid oibre. Tagann na tosaíochtaí sin go maith le chéile agus is cuid den sprioc chéanna iad. Chuige sin, tá Coláiste curtha i gceann a chéile agam ina mbímid go léir ag obair agus ag teacht ar chinntí le chéile, agus ag déanamh beart de réir ár mbriathair.

## Bealach oibre oscailte cuimsitheach

Is éard a léirítear leis an gcur chuige sin an bealach oscailte cuimsitheach comhoibritheach a chothaím ar fud an Choimisiúin, agus sa chaidreamh a bhíonn againn le daoine eile.

### *An Coláiste: Aon fhoireann amháin*

Feidhmíonn an Coimisiún ar **phrionsabal na coláisteachta**. Is é is brí leis sin gur aon fhoireann amháin atá ionainn: beimid go léir ag obair i gcomhar le chéile trí chur chuige uile-rialtasach a chur i bhfeidhm, beidh cead cainte againn ar fad, déanfaimid cinntí i gcomhpháirt agus glacfaimid go léir freagracht as an méid a chinnfear agus cuirfimid chun cinn é.

Chun cuidiú linn beart a dhéanamh de réir ár n-uailmhianta agus ár ngealltanas, **chumhachtaigh mé ochtar Leas-Uachtarán** chun Grúpaí Coimisinéirí téamacha a stiúradh agus a chomhordú maidir le gach ceann de thosaíochtaí an Choimisiúin. Faigheann siad tacaíocht sa ról sin ón Ard-Rúnaíocht. Tá gach Coimisinéir ina chomhalta de Ghrúpa amháin nó níos mó. Is domsa go díreach a thuairiscíonn an Coimisinéir um Buiséad agus um Riarachán.

As measc an ochtair Leas-Uachtarán, tá dhá fheidhm ag an **triúr Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin**. I gcáil Leas-Uachtarán, stiúran siad Grúpa Coimisinéirí agus faigheann siad tacaíocht ón Ard-Rúnaíocht. Ina theannta sin, déanann siad réimse beartais a bhainistiú agus tá Ard-Stiúrthóireacht faoina n-údarás i dtaca leis an gcuid sin dá bpost. Is é an Chéad Leas-Uachtarán Timmermans, duine den triúr Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, a bheidh ina chathaoirleach ar an gColáiste i m'éagmais.

Tugann an tArd-Ionadaí/Leas-Uachtarán tacaíocht dom agus an ghné sheachtrach d'obair na gCoimisinéirí uile á comhordú. Chun a chinntiú go mbeidh an ghníomhaíocht sheachtrach níos straitéisí agus níos comhleanúnaí, déanann an Coláiste í a phlé agus a chinneadh go córasach. Chun tacú leis sin, ullmhóidh gach seirbhís agus gach *Cabinet* na gnéithe seachtracha de chruinnithe an Cholaíste ar bhonn seachtainiúil, is é sin le rá aithris a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm cheana don chaidreamh idirinstiúideach. Ar an gcaoi sin, is fearr a dhéantar na gnéithe inmheánacha agus seachtracha d'ár gcuid oibre a ailíniú. **'Coimisiún Geopholaitiúil'** atá sa Choimisiún seo.

Creidim gur gá dúinn **labhairt níos mó agus éisteacht níos mó le chéile** agus tús a chur leis an nós sin laistigh den Choimisiún féin. Is é a dhéantar ag cruinnithe an Choláiste plé oscailte ionraic. Ós mise an tUachtarán, leagaimse amach an clár oibre ach is i gcomhpháirt a ghlactar cinntí uile an Choláiste. I gcomhréir leis an ngealltanas atá tugtha againn an Coimisiún a dhigitiú ina iomláine agus leis an ngá atá le húsáid choinsiasach a bhaint as acmhainní, reáchtáiltear cruinnithe go digiteach agus gan pháipéar.

Cinntoidh gach Coimisinéir go ndéanfar beart de réir **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe** laistigh dá réimse beartais féin. Tá an Coláiste ina iomláine freagrach as cur chun feidhme foriomlán na Spriocanna sin.

### *Caidreamh idirinstiúideach agus córas ceaptha beartais níos fearr*

Tá dlúthchaidreamh againn leis an gComhairle agus ar an gcaoi chéanna táim ag iarraidh **comhpháirtíocht speisialta an Choimisiún le Parlaimint na hEorpa** a neartú. Dlíthchuid d'obair gach Comhalta den Choláiste, mo chuid oibre féin san áireamh, is ea an tosaíocht sin.

Iarraim ort a chinntiú go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas go rialta, roimh mhóriméachtaí go háirithe agus ag príomhchéimeanna na caibidlíochtaí idirnáisiúnta. Ós rud é go dtacaím le ceart tionscnaimh a bheith ag an bParlaimint, ba cheart duit a bheith ag obair i ndlíthchomhar leis na Coistí ábhartha, agus a bheith i láthair agus páirt ghníomhach a ghlacadh nuair a bhíonn rúin á n-ullmhú lena n-iarrtar ar an gCoimisiún reachtaíocht a rith.

Dá mhéid a thagaimid ar chomhaontú agus beartas á gceapadh againn, is ea is túisce a bheidh feidhm dlí leis agus a dhéanfaidh sé difear do shaol na ndaoine. Sin é an fáth a bhfuil gá le **cur chuige oscailte comhoibritheach ar feadh an phróisis reachtaigh**, ó chéim an cheaptha beartais go dtí an comhaontú deiridh. Iarraim ort freastal ar an gcaibidlíocht pholaitiúil ar fad, ar na cruinnithe tríphárteacha mar a thugtar orthu, leis na hinstiúidí eile.

Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh an rialáil spriocdhírthe, go mbeidh sé éasca í a chomhlíonadh agus nach gcruthófar léi ualaí rialála nach bhfuil gá leo. Ní mór an tsaoirse a bheith ag an gCoimisiún i gcónaí chun gníomhú nuair is gá. Ag an am céanna, ní mór dúinn a chur in iúl go soiléir do na saoránaigh go mbíonn **toradh ar ár gcuid beartas agus tograí agus go ndéanann siad an saol níos éasca** do dhaoine agus do ghnólachtaí.

Den mheon sin, forbróidh an Coimisiún ionstraim nua chun beart a dhéanamh de réir **an phrionsabail "Ceann amháin isteach, Ceann amháin amach"**. Más rud é go mbaineann ualaí nua le togra reachtach, ba cheart go ndéanfadh sé ualach coibhéiseach atá ann cheana ar dhaoine nó ar ghnólachtaí ar leibhéal an Aontais, sa réimse beartais céanna, a fhuascailt. Beimid ag obair i gcomhar leis na Ballstáit freisin chun a chinntiú nach gcuirfear ualach riaracháin nach gá i bhfeidhm nuair a bheidh reachtaíocht an Aontais á trasú.

Ní mór tograí a bheith bunaithe ar fhianaise, ní mór comhairliúchán leathan a dhéanamh ina leith, ní mór measúnú tionchair a dhéanamh orthu, agus ní mór don Bhord um Ghrinnscrúdú Rialála iad a athbhreithniú. Cinnteoidh tú go gcloíonn siad le prionsabail **na comhréireachta agus na coimhdeachta** agus gur léir uathu tairbhe na gníomhaíochta Eorpaí.

De bhrí nach reachtaíocht go cur chun feidhme, táim ag iarraidh ort **díriú ar chur i bhfeidhm agus ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais Eorpaigh** laistigh de do réimse féin. Ba cheart duit tacaíocht agus treoir leanúnach i dtaca le cur chun feidhme a thabhairt do na Ballstáit, agus a bheith réidh chun gníomhú go pras i gcás ina ndéanfar sárú ar dhlí an Aontais.

### *An bhearna idir na hinstiúidí Eorpacha agus saol na ndaoine a dhúnadh*

Is mian liom na **naisc idir daoine agus na hinstiúidí a fhónann dóibh a neartú**, an bhearna idir ionchas agus réaltacht a laghdú agus an méid atá ar siúl ag an Eorpa a chur in iúl.

Ní mór dúinn teagmháil a dhéanamh le muintir na hEorpa ar fad, ní hamháin leis na daoine a bhfuil cónaí orthu sna príomhchathracha nó atá ar an eolas maidir leis an Aontas Eorpach. Táim ag iarraidh ort **cuairt a thabhairt ar gach Ballstát laistigh den chéad leath dár dtréimhse oifige** ar a dhéanaí. Ba cheart duit bualadh go rialta leis na parlaimintí náisiúnta agus páirt a ghlacadh sa Chomhphlé leis na Saoránaigh ar fud an Aontais, agus an méid sin a dhéanamh go háirithe mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.

Muinín agus iontaoibh a chothú, is é sin is bunús le caidreamh níos láidre leis na saoránaigh. Táim meáite ar an **leibhéal trédhearcachta agus eitice is airde is féidir** a bheith ag an gColáiste ina iomláine. Ní féidir amhras ar bith a bheith ann faoinár n-íompraíocht ná faoinár n-ionracas. Sa Chód Iompair do Choimisinéirí leagtar amach na caighdeáin agus na rialacha atá le comhlíonadh. Cinnteoidh tú go bhfaighidh na cáiníocóirí luach a gcuid airgid as an gcaiteachas buiséadach agus go gcloífidh an caiteachas sin le prionsabail na bainistíochta airgeadais fhóna.

### *An leas is fearr is féidir a bhaint as an gcumas atá ionainn*

**An Coláiste seo ina bhfuil cothromaíocht ó thaobh inscne de**, comhlíonann sé an gealltanas a thug mé Coimisiún a chur le chéile atá níos ionadaíche agus a bhaineann leas as cumas gach duine againn. Is tús maith é seo ach tá go leor le déanamh fós.

Táim ag iarraidh ort **leas a bhaint as buanna uile na hEorpa** agus do *Cabinet* á bhunú agat. Chun an méid sin a dhéanamh, caithfear cothromaíocht a bhaint amach ó thaobh inscne, taithí agus tíreolaíochta de.

Ba cheart don Choimisiún a bheith ina eiseamláir ó thaobh ionadaíocht níos fearr agus éagsúlacht tuairimí sa saol poiblí a chinntiú. I dtaca leis an méid sin, ba cheart don Choimisiún, agus imeachtaí poiblí á n-eagrú aige, féachaint le painéil a chur le chéile ina bhfuil cothromaíocht ó thaobh inscne de agus ina bhfuil éagsúlacht leathan dearthaí ó gach cearn den Eoraip.

## An misean atá agatsa

### Is é ról is mian liom a chur de chúram ort ná an Coimisinéir um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil.

Is é a bheidh de chúram ort sna blianta atá romhainn an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus a fheabhsú, coigilteoirí agus infheisteoirí a chosaint agus sreabhadh an chaipitil chuig na háiteanna a bhfuil gá leis a chinntiú.

- Táim ag iarraidh ort díriú ar an **Aontas Baincéireachta a thabhairt i gcrích**, go háirithe tríd an gcúlstop coiteann don Chiste Réitigh Aonair a tabhairt chun críche agus trí Scéim Eorpach Árachais Taiscí a chomhaontú.
- Ba cheart duit dlús a chur leis an obair ar **Aontas na Margaí Caipitil** chun gurb éagsúla na foinsí maoinithe atá ann do chuideachtaí agus chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ar an sreabhadh caipitil. Ba cheart duit bealaí a fhiosrú chun infheistíochtaí trasteorann a dhéanamh níos éasca, chun feabhas a chur ar an gcóras maoirseachta agus chun imeachtaí dócmhainneachta agus cánach a comhchuíbhíú níos fearr.
- Táim ag iarraidh ort an **straitéis um maoiniú glas** a fhorbairt a thuilleadh, straitéis lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ba cheart duit a bheith ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe chun bheith ar cheann na n-iarreachtaí domhanda chun an maoiniú inbhuanaithe a mhéadú.
- Táim ag iarraidh ort **Straitéis FinTech** a chur chun tosaigh chun tacú le teicneolaíochtaí digiteacha nua sa chóras airgeadais.
- Mar chuid den straitéis um fhiontair bheaga agus mheánmhéide, táim ag iarraidh ort **ciste príobháideach-poiblí** nua a fhorbairt arb é is speisialtacht dó tairiscintí tosaigh poiblí le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide.
- Leanfaidh tú den fhorbairt ar **chur chuige cuimsitheach nua i gcoinne sciúradh airgid** agus i gcoinne maoiniú gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta. Chuige sin ba cheart díriú ar an reachtaíocht a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, ar mhaoirseacht níos fearr, ar an oiriúnú do na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus ar ról níos láidre i dtaca le caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos.
- Ba cheart duit a chinntiú gurb ann do chur chuige coiteann leis na Ballstáit maidir le **criptea-airgeadraí** lena chinntiú go dtuigimid an bealach chun lántairbhe a bhaint as na deiseanna a bhíonn ann dá mbarr agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leo.

- Chun tacú lenár gceannasacht eacnamaíoch, táim ag iarraidh ort tograí a fhorbairt lena chinntiú gur mó an **teacht aniar atá san Eoraip i dtaca le smachtbhannaí seach-chríochacha** ag tríú tíortha. Táim ag iarraidh ort a chinntiú, i dtaca leis na smachtbhannaí a fhorchuireann an tAontas, go bhforfheidhmítear iad mar is ceart, go háirithe trí bhíthin chóras airgeadais an Aontais.

Is iondúil go mbeidh tú ag obair faoi threoir an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Gheilleagar a Fhóireann do Dhaoine. Cuideoidh an Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil leat i do chuid oibre.


## An bealach chun cinn

Níl an misean a leagtar amach thuas uileghabhálach ná saintreorach. Go deimhin, tiocfaidh deiseanna agus dúshlán eile chun cinn le linn théarma oifige an Choimisiúin seo. I dtaca leis na saincheisteanna sin ar fad, iarraim ort oibriú i ndlúthchomhar liom féin, agus le Comhaltaí eile an Choláiste.

Le linn don Chomhaontú um Tharraingt Siar a bheith á chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil, táimid ullamh chun an bealach a réiteach i gcomhair comhpháirtíocht uailmhianach straitéiseach leis an Ríocht Aontaithe.

Táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leat sa tréimhse spreagúil dhúshlánach atá roimh an Aontas seo againne. Ar ndóigh is féidir a bheith ag brath ar thacaíocht iomlán phearsanta agus pholaitiúil uaim agus tú ag ullmhú don éisteacht i bParlaimint na hEorpa, agus le linn ár dtéarma oifige.

Mise le meas,



Ursula von der Leyen

Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh